

1 Geata Thuain  
Cearnóg Belgard Thoir  
Tamhlacht, BÁC 24  
D24X62W

+353 (01) 4529600  
eolas@booacdl.ie  
www.ddletb.ie

1 Tuansgate  
Belgard Square East  
Tallaght, Dublin 24  
D24X62W

+353 (01) 4529600  
info@ddletb.ie  
www.ddletb.ie

## Miontuairiscí Chruinniú Boird de Bhord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire (BOOÁCDL)

**Dáta:** 20 Samhain 2023

**Am:** 4:30 pm

**Ionad:** Ceannoifig BOOÁCDL & MS Teams

### I láthair:

Colm Kilgallon, Daneve Harris, Claire Markey, Comhairleoir John Walsh, Comhairleoir Pamela Conroy, Comhairleoir Michael Clark, Comhairleoir Kazi Ahmed, Anne Genockey, Comhairleoir Brigid Manton, Comhairleoir Pamela Kearns, Comhairleoir Charlie O'Connor (Cathaoirleach), Comhairleoir Yvonne Collins, Ken Farrell, Comhairleoir Siobhan Shovlin, Comhairleoir Cathal Boland.

**Leithscéalta:** Susan Duffy, Nichola Spokes, Stiúrthóir Scoileanna

**As láthair:** Comhairleoir Kate Ruddock, Comhairleoir Liam Sinclair

### I láthair:

Caitríona Murphy, POF; Paul Turner, Stiúrthóir Tacaíochta agus Forbartha Eagrúcháin, Siobhan Lynch, Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna, Thea Jordan, Oifigeach Gnóthaí Poiblí, Emma Maloney, CP don CSF, Treacy Byrne, Oifigeach Foirgneamh, Ross Lynam, Oifigeach Foirgneamh agus Mairead Walsh, Stáitchiste.

### Doiciméadúchán:

Uaslódáilte go Leictreonach

### Fáilte

Chuir an Cathaoirleach, an Comhairleoir Charlie O'Connor, fáilte roimh chách chuig an gcruinniú.

#### 1. Leithscéalta/Comhbhrón

Gabhadh comhbhrón le gach teaghlach ball foirne a cailleadh duine muinteartha leo le mí anuas.

#### 2. Dearbhú Coinbhleachta Leasa

Níor dearbhaíodh aon choinbhleachtaí.

#### 3. Nithe le haghaidh Rún an Bhoird

##### 3.1 Miontuairiscí

Glacadh le miontuairiscí an chruinnithe roimhe sin a bhí ar siúl ar 16 Deireadh Fómhair.

**Molta:** Ken Farrell, **Ag Cuidiú:** Claire Markey.

## 3.2 Ceapachán Comhaltaí ar Bhoird Bhainistíochta

Ceapadh an Comhairleoir Charlie O'Connor mar ionadaí BOOÁCDL ar bhord bainistíochta PSN Scoil Aoife

**Molta:** Claire Markey, **Ag Cuidiú:** Comhairleoir Cathal Boland

## 3.3 CGB BOOÉ - 28<sup>ú</sup> Samhain

Ainmníodh an Comhairleoir Charlie O'Connor, Anne Genockey agus an Comhairleoir Cathal Boland le freastail, in éineacht le Príomhfheidhmeannach agus Stiúrthóir TFE.

## 4 Nithe le tabhairt faoi deara ag an mBord

### 4.1 Ciorcláin agus litreacha – Tugtha faoi deara

### 4.2 Comhfhreagras eile

Litir éirí as oifig ó Claire Markey, Cathaoirleach - Tugtha faoi deara

## 5 Nithe a Chuir an Feidhmeannas Isteach

### 5.1 Tuarascáil PF - Samhain 2023

Chuir Caitriona Murphy, PF, fáilte roimh an mBord chuig cruinniú mhí na Samhna 2023.

Ghabh Caitriona buíochas leis an gCathaoirleach as freastal ar oiliúint ionductúcháin leis an PF agus le BOOÉ an tseachtain seo caite. Tabhair faoi deara le do thoil go mbeimid ag earcú do phost an Stiúrthóra Scoileanna agus an Phríomhoifigigh Chúnta (PC) i gCistíocht agus Soláthair sna seachtainí atá romhainn.

Ba í an tseachtain seo caite comóradh 20 bliain ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC) freisin, rinneadh é a cheiliúradh le comhdháil faoi stiúir DCCÉ agus an POF agus d'fhreastail roinnt ionadaithe ó BOOÁCDL ar an lá. Tabhair faoi deara le do thoil go mbeidh Comhfhóram na bPríomhfheidhmeannach agus na Stiúrthóirí ó na 16 BOOanna ar siúl an tseachtain seo freisin, beidh sé ar siúl sa Mhuileann gCearr Dé Céadaoin agus Déardaoin an tseachtain seo. Is mian liom an Bord a chur ar an eolas freisin faoi obair leanúnach na gCoistí Iniúcháireachta agus Riosca agus Airgeadais a oibríonn go leanúnach chun tacú le rialachas an BOO.

Déanfaidh na Stiúrthóirí an Bord a nuashonrú anois i ngach ceann dá réimsí freagrachta.

## Stiúrthóirí Scoileanna

### Pobalscoileanna Náisiúnta

Cuireadh ceithre sheisiún oiliúna tráthnóna ar fáil ar an gClár Pátrúin (GMGY) agus oiliúint ar Éiteas do gach múinteoir nua i PSN agus i scoileanna speisialta ar líne i Meán Fómhair agus Deireadh Fómhair.

Leanann Stiúrthóirí Scoileanna de bheith ag plé le Príomhoidí chun tacú trí chruinnithe rialta, cuairteanna aonair ar scoileanna chomh maith le hoiliúint a sholáthar ag leibhéal BOOÉ do na Pobalscoileanna Náisiúnta.

## Seirbhísí don Óige

Tá plean Forbartha Óige BOOÁCDL ar siúl faoi láthair le hanailís bailithe sonraí agus comhairliúchán domhain ag tosú an mhí seo ar fud Bhaile Átha Cliath agus Dhún Laoghaire le fócas ar aghaidh a thabhairt ar cheantair ina bhfuil díothacht shuntasach agus acmhainní riachtanach chun soláthar na Seirbhíse don Óige sna réimsí seo a líonadh.

Próiseas iarratais Seal 2 UBU: Cuireadh 37 iarratas faoi bhráid RLCMLÓ ar luach beagán os cionn €8 milliún. Táimid ag tnúth le bheith in ann é seo a mhéadú agus sonraí na Príomh-Oifige Staidrimh le déanaí á gcur san áireamh, a thacaíonn lenár n-iarratas leanúnach ar mhaoiniú breise, chun seirbhísí óige a sholáthar inár réigiún.

## An Plean Forbartha Oibre don Óige

Earcaíodh Liz Harper agus Billy Murphy mar chomhairleoirí chun tacú le críochnú an tionscadail seo. I measc na gcruinnithe tosaigh bhí tinreamh agus rannpháirtíocht i gcomhairliúcháin CSLDÓ mar go bhfuil CSLDÓanna Bhaile Átha Cliath Theas, Fhine Gall agus Dhún Laoghaire Ráth an Dúin ag gabháil dá bpróiseas comhairliúcháin féin faoi láthair, Tá tinreamh agus rannpháirtíocht i PFEÁ (Plean Forbartha Eacnamaíochta Áitiúil) do na trí chomhairle contae ar siúl freisin.

## Giniúint Ceoil Dhún Laoghaire

Is é BOOÁCDL an príomh-chomhpháirtí bródúil ar Ghiniúint Ceoil Dhún Laoghaire. Cuirfear tús le hearcaíocht don MDO nua an tseachtain seo chugainn. Táimid ag tnúth le bheith ag obair le Comhairle Contae Dhún Laoghaire agus Giniúint Ceoil na hÉireann chun an tionscnamh tábhachtach seo a stiúradh.

## Stiúrthóir na Tuarascála Breisoideachais agus Oiliúna

### Forbairt shuaitheanta Choláiste BOO Fhine Gall

Tríd an Léiriú Spéise (EOI) agus anailís deisce a rinne RBATNE, sainaitnítear go leor suíomhanna don Choláiste BOO.

Bhí cruinniú an-dearfach ann agus tá Comhairle Contae Fhine Gall ag tacú go mór leis an tionscadal.

Tá obair ar an Réamhchás Gnó ar siúl go leanúnach agus tá sé le cur isteach faoin 12 Eanáir 2024. Tá obair ar Straitéis Eastáit BOO le bheith críochnaithe agus curtha isteach faoin 30 Samhain.

### Pleanáil, Maoiniú agus Nuashonrú Sonraí - Spriocanna BOO

Léiríonn sonraí go dtí seo go mbainfidh BOO in BOOÁCDL spriocanna amach agus go bhfuil ag éirí go han-mhaith leis maidir leis na réimsí tosaíochta seo a leanas:

- Ag tacú le poist
- Conairí
- Uasoiliúint trí Saoil agus Gairmeacha
- Cuimsiú a Chothú - réimse láidir go háirithe

### Anailís ar Éileamh Foghlaimeora agus soláthar – Coláiste BOO Fhine Gall

Tá an fhoireann Pleanála agus SOLAS ag obair go dian chun an anailís ar éileamh foghlaimeora do BOO i bhFine Gall a bhunú sna deich mbliana atá romhainn ionas gur féidir linn a shuíomh go mbeidh méid agus soláthar an choláiste ag teacht le riachtanais amach anseo.

1 Geata Thuain  
Cearnóg Belgard Thoir  
Tamhlacht, BÁC 24  
D24X62W

+353 (01) 4529600  
eolas@booacdl.ie  
www.ddletb.ie

1 Tuansgate  
Belgard Square East  
Tallaght, Dublin 24  
D24X62W

+353 (01) 4529600  
info@ddletb.ie  
www.ddletb.ie

## Nuashonrú Dearbhú Cáilíochta

Tá tús curtha le hullmhúcháin do chruinniú idirphlé le DCCÉ i mí na Nollag. Is é cuspóir an chruinnithe idirphlé ná athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn maidir le Plean Gníomhaíochta Cáilíochta BOOÁCDL agus plé a dhéanamh ar thosaíochtaí BOO amach anseo.

Cláir Threasacha - rinneadh cleachtadh scoipe inár gColáistí/scoileanna agus ionaid BOO chun a fháil amach a bhfuil láidreachtaí ó thaobh saineolais agus cuntas teiste de, ag seachadadh clár T5 agus T6. Seoladh liosta de na cláir threasacha a d'fhéadfadh a bheith ann chuig an Oifig Náisiúnta Treasach agus tá tús curtha le cumarsáid leis na hInstitiúidí Ardoideachais faoi fhorbairt clár treasach féideartha agus comhpháirtíochtaí seachadta don Fómhar 2024.

## Stiúrthóir TFE

D'fhreastail BOOÁCDL ar an gcomhdháil Comhshaoil, Sóisialta agus Rialachais (CSR) ar an 9 Samhain. Tá obair ag dul ar aghaidh maidir le forbairt ár dtreoirphlean gníomhaíochta aeráide agus ár straitéisí eastáit d'fhonn laghdú 51% ar astuithe gáis cheaptha teasa a bhaint amach faoi 2030. Chun tacú le forbairt na straitéisí seo, cuirfimid tús go luath le seachadadh ár gclár iniúchta fuinnimh ar fud ár bpunann eastát. Tacóidh an t-eolas ó na hiniúchtaí seo le seachadadh ár spriocanna insoláthartha maidir le gníomhaíocht aeráide. Táimid ag plé le nasc córas teasa Thamhlachta faoi láthair chun deiseanna a fhiosrú do BOOÁCDL a bheith páirteach sa scéim seo d'fhonn éifeachtúlachtaí fuinnimh a sheachadadh.

Beidh CGB BOOÉ ar siúl ar an 28 Samhain i bPort Laoise. Beidh baill d'fheidhmeannas agus de Bhord BOOÁCDL i láthair. Ó thaobh an Rialachais de, tá an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca le teacht le chéile ar an 29 Samhain. Bhí ár gcruinniú Rialachais ar siúl ar an 13 Samhain. Tá BOOÁCDL ag féachaint faoi láthair ar réiteach TF chun tacú lenár gcreat rialachais agus táthar ag súil go gcuirfear i bhfeidhm é i R2 2024. An tseachtain seo, cuirfidh an t-aonad iniúchta inmheánaigh tús le hiniúchadh le fócas ar Sheirbhísí don Óige.

Chríochnaigh an Cathaoirleach nua, Charlie O'Connor a oiliúint ionductaithe ar 13 Samhain agus táimid ag tnúth le bheith ag obair le Charlie le linn a thréimhse mar Chathaoirleach ar Bhord BOOÁCDL. D'fhreastail Charlie ar imeacht Lá Chathaoirligh an BOOÉ ar líne ar an 14 Samhain.

De réir an Chóid Chleachtais do Rialachas BOOanna, ba cheart don bhord tabhairt faoi mheastóireacht bhliantúil féinmheasúnaithe ar a fheidhmíocht féin agus ar fheidhmíocht a choistí boird. Go luath i R1 2024, déanfar meastóireacht ar an mBord, ar an gCoiste Airgeadais agus ar chomhaltaí an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca. Gníomhóidh an Cathaoirleach ansin ar thorthaí na meastóireachta feidhmíochta.

Tá an A&CC ag obair faoi láthair ar iniúchadh chuntais 2021 agus tá sé mar aidhm acu, iad seo a bheith críochnaithe faoi dheireadh mhí na Nollag. Cuirfear tús leis an iniúchadh ar chuntais 2022 tar éis chuntais 2021 a bheith críochnaithe.

Tá tús curtha leis an bpróiseas toghcháin do na toghcháin fholmha do chomhaltaí an Bhoird. Is féidir clár ama don phróiseas seo a fháil ag [www.ddletb.ie/elections](http://www.ddletb.ie/elections)

D'fhéadfadh tionchar a bheith ag toghchán áitiúil in 2024 ar infhaighteacht chomhaltaí do phainéil agallaimh. Déanfaidh AD pleanáil dá réir sin chun cur isteach a íoslghdú.

## 5.2 Tuarascáil Airgeadais

Cuireadh tuairisc airgeadais ar fáil i bpacáiste an Bhord roimh an gcrúinniú agus tugadh faoi deara ag an mBord í.

Ní bheidh aon bhuiséad covid-19 ar fáil do 2024 agus cuireadh gach deontas covid-19 nár úsáideadh in 2023 ar ais i mí Mheán Fómhair.

## 5.3 Tuarascáil Foirgneamh

Cuireadh tuarascáil foirgneamh ar fáil i bpacáiste an Bhord roimh an gcrúinniú agus tugadh faoi deara ag an mBord í.

D'ardaigh comhaltaí ceisteanna maidir le PS Naomh Finian, i dtaca le máistirphleanáil don suíomh agus deisiúcháin dín. Tá deisiúcháin dín ar an halla spóirt agus ar an scoil críochnaithe anois. Tá tuilleadh deisiúcháin beartaithe le linn mhíonna an gheimhridh. Tá máistirphlean á fhorbairt ag an Roinn Oideachais faoi láthair do shuíomh Naomh Finian.

Ardaíodh ceisteanna maidir le glacadh 2024 do PS Chaisleán Cnucha. Táthar ag súil le tógáil modúlach a sheachadadh do Mheán Fómhair 2025 ina mbeidh ceithre sheomra ranga agus dhá rang speisialta. Tá BOOÁCDL ag obair leis an Roinn Oideachais faoi láthair maidir le planáil do shíneadh ar an scoil agus táthar ag súil go gcuirfear ar fáil é in 2028. Pléadh breisiú gearrthéarmach agus fadtéarmach de ranganna RSO don scoil seo.

Pléadh acmhainní agus na dúshláin a bhaineann leis na ranganna RSO.

Phléigh feisirí an deis a d'fhéadfadh a bheith ann páirceáil íoctha deireadh seachtaine a thabhairt isteach i gcarrchlós Naomh Mhic Dara. Pléadh impleachtaí árachais, fostaíochta, ioncaim, srl a bhaineann le páirceáil íoctha a thabhairt isteach. Is é an cur chuige is fearr ná maoiniú a lorg ón Roinn Oideachais chun costas a bhaineann le deisiúcháin dín a chlúdach. Tá scóip tosaigh déanta agus tá gá le tuilleadh oibre chun an tionscadal seo a chur chun cinn. Pléadh an deis painéil ghréine a shuiteáil ar an díon agus déanfaidh an fhoireann tógála imscrúdú orthu.

Pléadh planáil maidir leis An Móinéar Leathan agus úsáid fhéideartha an tsuímh ag scoil eile. Tá BOOÁCDL ag fanacht ar shoiléiriú maidir leis an suíomh seo ón Roinn Oideachais.

Pléadh dul chun cinn ar oibreacha dín Danú. Táthar ag súil le conraitheoirí ar an láthair i mí Eanáir 2024, agus meastar go mairfidh an tionscadal 6-8 mí.

1 Geata Thuain  
Cearnóg Belgard Thoir  
Tamhlacht, BÁC 24  
D24X62W

+353 (01) 4529600  
eolas@booacdl.ie  
www.ddletb.ie

1 Tuansgate  
Belgard Square East  
Tallaght, Dublin 24  
D24X62W

+353 (01) 4529600  
info@ddletb.ie  
www.ddletb.ie

#### **5.4 Próifil Foirne**

Tugadh faoi deara Ceapacháin & Ardú Céime.

Tugadh faoi deara Ar scor.

#### **5.5 Polasaithe**

Tugtha faoi deara

#### **5.6 Clár Riosca - Tugtha faoi deara**

Tá athbhreithniú R3 ar an gclár riosca corparáideach críochnaithe agus ceadaithe ag an ARC.

Clár rioscaí san áireamh i bpáipéir an Bhoird.

#### **5.7 Plean Soláthair Ilbhliantúil**

Tugtha faoi deara

### **6. Nithe a Chuir an Bord isteach**

#### **6.1 Cuntas Gníomhaíochtaí**

Rinneadh athbhreithniú agus nuashonrú ar an cuntas gníomhaíochta.

### **7. An Chéad Chruinniú eile: 26 Feabhra 2024 @ 4.30 pm**